RÚN (AE) 2022/1704 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VI — Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VI — Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0079/2022),

A. de bhrí go ndéanann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (an "Coiste") ionadaíocht ar na comhpháirtithe sóisialta agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó na Ballstáit i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais agus go dtéann sé i rannpháirtíocht leo, agus go saothraíonn sé a mhisean maidir le reachtóireacht níos fearr agus daonlathas an Aontais a neartú ón mbun aníos;

B. de bhrí go saothraíonn misean an Choiste trí phríomhchuspóir, eadhon (i) naisc leormhaithe a áirithiú idir beartais an Aontais agus na cúinsí eacnamaíocha, sóisialta agus sibhialta ar an láthair, (ii) forbairt Aontais níos rannpháirtí a chur chun cinn agus (iii) na luachanna ar a bhfuil lánpháirtíocht Eorpach bunaithe a chur chun cinn;

C. de bhrí go raibh comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne phaindéim COVID-19 san Aontas, agus iad ag déanamh plé ar easnaimh agus ag moladh bearta sonracha agus, dá bhrí sin, gur féidir leo rannchuidiú go mór le rath an chur chun feidhme, an fhaireacháin agus choigeartú phleananna téarnaimh an Aontais;

D. de bhrí go bhfuil sé éigeantach go rachadh an Coimisiún nó an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoiste i gcásanna áirithe, agus go bhféadfadh an Coiste tuairimí a ghlacadh freisin ar a thionscnamh féin, agus leas á bhaint acu as réimse leathan tarchuir mar atá sainithe san Ionstraim Eorpach Aonair, i gConradh Maastricht agus i gConradh Amstardam, lena gceadaítear do Pharlaimint na hEorpa dul i gcomhairle leis;

E. de bhrí gur chinn an Coiste, tar éis ráig phaindéim COVID-19 agus i bhfianaise na staide san Aontas, go gcuirfí san áireamh ina chuid oibre ar fad tionchar phaindéim COVID-19 ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí i gcoitinne;

F. de bhrí gur bhain an Coiste leas as a ghrúpa idirchaidrimh, ar líonra brateagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta é, chun plé a dhéanamh ar na dúshláin a bhí os a gcomhair agus iad ag déileáil le paindéim COVID-19, chun a n-iarrataí lena mbaineann a achoimriú agus chun ról lárnach a iarraidh maidir le plean téarnaimh an Aontais a cheapadh chun bheith in ann treoir a thabhairt do chinnteoirí agus aghaidh á tabhairt acu ar thionchar eacnamaíoch na géarchéime;

G. de bhrí gur ghá don Choiste, de dheasca phaindéim COVID-19, a fheidhmiú inmheánach agus a chuid modhanna oibre a athbhreithniú agus a oiriúnú chun go mbeadh a mhisean á chomhlíonadh aige i gcónaí;

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nár aimsigh an Chúirt Iniúchóirí (an "Chúirt") aon laigí suntasacha i ndáil le hábhair iniúchta a bhaineann le hacmhainní daonna agus soláthar don Choiste;

2. ag cur béim ar an bhfíoras gur tháinig an Chúirt ar an tátal, ar bhonn a cuid oibre iniúchóireachta, go raibh na híocaíochtaí ina n-iomláine as caiteachas riaracháin na n-institiúidí, lena n-áirítear caiteachas riaracháin an Choiste, don bhliain airgeadais 2020 saor ó earráid ábhartha; á chur in iúl gur geal léi nár aimsigh an Chúirt aon fhadhbanna sonracha maidir le rialtacht na n-idirbheart;

3. á chur in iúl gurb eol di go bhfuil Caibidil 9 "Riarachán" den Tuarascáil Bhliantúil ón gCúirt dírithe ar chaiteachas ar acmhainní daonna, ar fhoirgnimh, ar threalamh, ar fhuinneamh, ar chumarsáid agus ar an teicneolaíocht faisnéise agus go léiríonn an Chúirt go bhfuil riosca íseal ag baint le caiteachas den sórt sin;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

4. ag tabhairt dá haire gur EUR 142,5 milliún a bhí i mbuiséad an Choiste do 2020 (méadú 4,22 % i gcomparáid le buiséad 2019), a ndearnadh EUR 130,9 milliún de a chaitheamh nó a thabhairt ar aghaidh chuig 2021 mar cheangaltais;

5. ag tabhairt dá haire gur 91,8 % an ráta forghníomhaithe in 2020 (i gcomparáid le 98,1 % in 2019); ag tabhairt dá haire, tar éis ráig phaindéim COVID-19, go raibh tionchar ag roinnt línte buiséid (costais taistil agus liúntais na gcomhaltaí, ateangaireacht, misin foirne agus eagrú imeachtaí agus éisteachtaí), ó thaobh úsáid laghdaithe leithreasaí agus caiteachas breise riachtanach de;

6. ag tabhairt dá haire, chun aghaidh a thabhairt ar na méideanna a bhí fanta sna línte buiséid a bhí buailte ag ráig phaindéim COVID-19, gur thionscain an Coiste aistrithe níos luaithe in 2020, rud a raibh méid iomlán an-ard aistrithe ar luach thart ar EUR 12,5 milliún mar thoradh air; ag tabhairt faoi deara, áfach, go raibh forghníomhú na leithreasaí a tugadh ar aghaidh ó 2019 go 2020 beagán níos ísle ná a bhí siad in 2019: 79,2 % (EUR 6,9 milliún) in 2020 i gcomparáid le 82,1 % (EUR 7,1 milliún) in 2019;

7. ag tabhairt dá haire go ndearna biúró an Choiste cinneadh, an 28 Aibreán 2020, maidir le "Méadú aonuaire ar an liúntas cómhaoinithe TF do na Comhaltaí" lena mbeadh "comhaltaí cáilitheacha" (i.e. iad siúd a d'fhreastail ar 50 % ar a laghad de na cruinnithe a bhfuair siad cuireadh chucu) i dteideal EUR 2 500 a fháil le haghaidh gach ceann den dá thráthchuid bhliantúla in 2020 (in ionad EUR 1 500 le haghaidh gach tráthchoda in aon bhliain eile); á iarraidh ar an gCoiste faisnéis a thabhairt faoin méadú aonuaire sin ar an roinn atá tiomnaithe do speansais agus liúntais taistil na gcomhaltaí ar a shuíomh gréasáin; ag tabhairt dá haire gurbh é cuspóir an chinnidh sin go mbeadh sé ar acmhainn na gcomhaltaí modhanna leictreonacha éifeachtúla agus cobhsaí a cheannach chun cumarsáid a dhéanamh agus chun freastal ar chruinnithe; á chur i bhfios gur tairgeadh ríomhaire pearsanta iniompartha do na comhaltaí freisin; ag tabhairt dá haire gur EUR 1 443 500 a bhí i gcaiteachas iarbhír an liúntais cómhaoinithe TF do na Comhaltaí in 2020, arb ionann EUR 578 000 de agus an méadú sin; ag tarraingt aird ar an bhfíoras, maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, gur liúntas ar ráta comhréidh é an liúntas cómhaoinithe TF nach bhfuil bunaithe ar chostais iarbhír, rud a chiallaíonn nach n-iarrtar ar na comhaltaí doiciméid tacaíochta a sholáthar chun an liúntas sin a fháil;

8. á chur in iúl an athuair gur oth léi go ndearna an biúró an Choiste cinneadh, an 9 Meitheamh 2020, lena gceadaítear do chomhaltaí an gnáthliúntas cothaithe laethúil a éileamh as páirt a ghlacadh go cianda i gcruinnithe den Choiste; ag tabhairt dá haire gurb é cuspóir an chinnidh sin na comhaltaí a chúiteamh as an am a chaith siad agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus as na costais riaracháin ghaolmhara, ach ag tabhairt dá haire go ndéanann sé dochar do chlú an Choiste i dtuairim na saoránach; á thabhairt dá aire nach bhféadfaí an togra ón gCoiste maidir le liúntas sonrach laethúil le haghaidh cianfhreastail ar chruinnithe (EUR 145 i gcomparáid leis an liúntas caighdeánach EUR 290) a chur i bhfeidhm go dtí go nglacfaidh an Chomhairle an togra sin agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm ina dhiaidh sin an 1 Iúil 2021; á chur in iúl go dtuigeann sí nach gcumhdaítear le haon cheann de na cinntí sin aisíocaíochtaí sa bhreis ar an liúntas cothaithe laethúil, agus dá bhrí sin, nach gcumhdaítear aisíoc costas taistil ná liúntas taistil leo; ag tabhairt dá haire gur EUR 4 440 099 an costas iomlán a bhí ar an liúntas cothaithe laethúil in 2020, méid as ar íocadh EUR 2 270 700 le haghaidh rannpháirtíocht chianda agus as ar íocadh EUR 2 169 399 le haghaidh rannpháirtíocht fhisiciúil; á aithint gur tugadh fógra do na húdaráis bhuiséadacha faoi gach cinneadh ábhartha a rinne an biúró; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoiste cleachtais nua luacha saothair a fhiosrú chun luach saothair cothrom agus comhréireach a áirithiú do chomhaltaí nach bhfuil bunaithe go hiomlán ar aisíocaíochtaí ná ar liúntais; Á iarraidh ar an gComhairle cumhachtaí cinnteoireachta an Choiste maidir le luach saothair a ailíniú le cumhachtaí cinnteoireachta Choiste na Réigiún;

9. ag tabhairt dá haire go gcuireann gníomhaireacht taistil an Choiste uasteorainneacha i bhfeidhm maidir le taisteal idir an Bhruiséil agus príomhchathracha na hEorpa; ag fiafraí den Choiste cad a dhéanann sé chun a chuid comhaltaí agus a ghníomhaireacht taistil a spreagadh le cleachtais chliste áirithinte a ghlacadh le haghaidh taistil;

10. ag tabhairt dá haire gur eagraigh an Coiste, mar an institiúid ceannais, ocht nglao ar thairiscintí ar luach os cionn EUR 15 000 in 2020; ag tabhairt dá aire gurbh ionann méid iomlán na tairisceana do chomhsheirbhísí garda slándála don Choiste agus do Choiste na Réigiún ("CnaR") agus thart ar EUR 24 mhilliún, rud a d'fhág gurbh í an tairiscint ba mhó luach don Choiste in 2020 í;

Bainistíocht inmheánach, feidhmíocht, rialú inmheánach

11. ag tabhairt chun suntais gur seoladh an tionscadal comhtháite anailíse gnó (IBIP) chun an bhunchúis atá leis na héagsúlachtaí buiséid a shainaithint trí anailís chomparáideach a dhéanamh ar an mbuiséad agus chun na fíorchostais a bhaineann le gníomhaíochtaí amhail cruinnithe, imeachtaí, comhdhálacha etc. a shainaithint; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé mar aidhm ag an gcéad chuid de IBIP na próisis bhunúsacha a shainaithint agus a mhapáil, rud lena réitítear an bealach don dara cuid den tionscadal lena ndíreofar ar na próisis a fheabhsú agus a athdhearadh; á iarraidh ar an gCoiste tuarascáil a chur i dtoll a chéile ar na costais agus na coigiltis a bhaineann le IBIP;

12. ag tabhairt dá haire gur eisigh an Coiste 131 thuairim, pháipéar seasaimh agus thuarascáil faisnéise in 2020 (i gcomparáid le 127 in 2019); á chur san áireamh, mar gheall ar na deacrachtaí a bhain le tuairimí a ghlacadh trí tharchuir laistigh de na sprioc-amanna gearra idirinstitiúideacha ag tús phaindéim COVID-19, gur ghlac an Coiste, sular formheasadh a nós imeachta leasaithe, 13 pháipéar seasaimh mar fhreagairt ar tharchuir chun rannchuidiú ar bhealach éifeachtach agus tráthúil le freagairt an Aontais a áirithiú; á iarraidh ar an gCoiste tuarascáil a thabhairt maidir lena urraim do sprioc-amanna idirinstitiúideacha agus maidir le moilleanna a d'fhéadfadh a bheith ann le 5 bliana anuas;

13. ag tabhairt dá haire gur tháinig an chairt eagrúcháin nua i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020, ar chairt í lenar tugadh isteach athruithe tábhachtacha amhail stiúrthóireacht don chumarsáid agus don chaidreamh idirinstitiúideach a chruthú agus lena ndearnadh an tSeirbhís Dlí a chur faoi choimirce Ard-Rúnaí an Choiste; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfágann an t-atheagrú go dtugtar an neamhspléachas don tseirbhís dlí a theastaíonn uaithi chun go mbeidh sí ag oibriú go héifeachtúil; á iarraidh ar an gCoiste athmhachnamh a dhéanamh ar an atheagrú;

14. ag tabhairt dá haire gur glacadh Cinneadh Uimh. 078/21 ón gCoiste lena mbunaítear nós imeachta chun dul i gcomhairle lena sheirbhís dlí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an fhoclaíocht lag agus mhíchruinn ina luaitear "go gcuirfear an tseirbhís dlí ar an eolas agus/nó go rachfar i gcomhairle léi sula nglacfar bearta a bhaineann le mírialtachtaí tromchúiseacha" mar nach leor faisnéis amháin; á iarraidh go láidir arís go mbeadh nósanna imeachta inmheánacha ann lena bhforálfaí do chomhairliúchán tráthúil éigeantach leis an tseirbhís dlí maidir leis na mírialtachtaí sin agus na bearta gaolmhara d'fhonn riosca dlíthiúil na gcinntí lena mbaineann a mhaolú; ag meabhrú don Choiste nach mór don tseirbhís dlí a bheith in ann measúnú neamhspleách a dhéanamh ar gach cinneadh a dhéanann bainistíocht an Choiste agus nach mór acmhainní leordhóthanacha agus na sainchumais is gá a sholáthar di chun a cuid cúraimí a chur i gcrích go rathúil chun leasa an Choiste;

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh ag an gCoiste a thuairimí a scaipeadh in éineacht le tuarascálacha agus gníomhaíochtaí eile a rannchuidíonn lena mhisean a bhaint amach freisin; á aithint go gcuirtear tuairimí an Choiste san áireamh go rialta i measúnú tionchair an Choimisiúin, ach go bhfuil imní fós ar Pharlaimint na hEorpa faoi obair an Choiste; á iarraidh ar an gCoiste dá bhrí sin a áirithiú go roinnfear gach tuairim le comhaltaí na gcoistí ábhartha sa Pharlaimint agus go ndéanfaidh sé sliotán cainte a iarraidh go hoifigiúil agus go córasach agus dréacht-tuarascálacha na Parlaiminte á dtíolacadh, i gcomhréir leis an gcomhaontú comhair idir an Pharlaimint agus an Coiste; á iarraidh ar an gCoiste ról a thabhairt do rapóirtéirí Pharlaimint na hEorpa agus tuairimí á n-ullmhú, chun an comhar polaitiúil le Parlaimint na hEorpa a neartú freisin; á mholadh go ndéanfadh an Coiste anailís tionchair níos cainníochtúla agus níos cáilíochtúla ar a thuairimí; á áitiú ar an gCoiste, dá bhrí sin, an fhoireann atá ag obair i réimsí na hoibre reachtaí agus an chaidrimh idirinstitiúidigh a threisiú;

16. ag tabhairt dá haire, in 2020, gur eagraigh an Coiste ceithre sheisiún oiliúna maidir le measúnú riosca do bhaill den fhoireann, lena n-áirítear an mheánbhainistíocht, ar seisiúin oiliúna iad a raibh thart ar 15 % de bhaill na foirne rannpháirteach iontu chomh maith le seisiúin chóitseála do gach stiúrthóireacht chun cabhrú leo measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag cásanna riosca ar a gcuspóirí bliantúla; ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2020, gur bunaíodh clár lena nasctar cuspóirí, rioscaí agus bearta rialaithe do gach stiúrthóireacht;

17. ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, go bhfuil tionchar diúltach ag an easpa foirne in earnáil na hiniúchóireachta inmheánaí (IAS) ar an dearbhú atá an t-iniúchóir inmheánach in ann a sholáthar; á mheabhrú, de réir thuarascáil bhliantúil 2019 na Cúirte, nach bhfuil measúnú riosca cuimsitheach déanta ag an gCoiste ó 2014 i leith agus gur cúis bhuartha di go bhfuil an t-aon mheasúnú domhanda riosca atá ann bunaithe beagnach go heisiach ar fhaisnéis a fuair IAS; á áitiú ar an gcoiste iniúchóireachta inmheánaí an staid sin a réiteach; ag tabhairt dá haire go bhfuil cairt agus lámhleabhar iniúchóireachta lena sainítear tuilleadh modhanna oibre agus nósanna imeachta á ndréachtú faoi láthair; á iarraidh ar an gCoiste arís tuarascáil a chur i dtoll a chéile ar phríomhthorthaí na tuarascála iniúchóireachta inmheánaí maidir le heitic, a iarradh cheana féin in 2019;

18. ag tabhairt dá haire gur sheol an Coiste a chleachtadh bliantúil ag deireadh 2020 chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán rialaithe inmheánaigh agus gur athbhreithníodh ceistneoir 2020; á mheabhrú gur cuireadh dhá ghníomhaíocht leantacha siar ó chleachtadh 2019 go cleachtadh 2020, eadhon (i) measúnú foirmiúil ar fheidhmeanna íogaire, a glacadh i mí na Nollag 2021, agus (ii) cur chun feidhme straitéise cumarsáide inmheánaí ilbhliantúil; á chur in iúl gurb oth léi, de bharr ríthábhacht na gníomhaíochta sin, go bhfuil an machnamh ar an straitéis cumarsáide fós ar siúl, agus gur cuireadh an ghníomhaíocht siar go dtí 2021; ag tabhairt dá haire, ó chleachtadh 2020 i leith, go raibh sé beartaithe ag na stiúrthóireachtaí go léir nósanna imeachta a chlárú agus a lárú i 2021;

19. á chur in iúl go dtuigeann sí, sa bhreis ar na rialuithe coisctheacha ilsrathacha, go bhforáiltear mar chuid den phróiseas aisíocaíochta go ndéanfaidh gníomhaire tionscanta airgeadais gach éileamh a sheiceáil agus go ndéanfaidh gníomhaire físoraithe atá neamhspleách ó thaobh feidhme de iad a ghrinnscrúdú arís ina dhiaidh sin agus ansin go ndéanfaidh oifigeach údarúcháin ar a gcuirfear an cúram sin go cuí gach íocaíocht a údarú ar leibhéal na bainistíochta.

Acmhainní daonna, comhionannas agus folláine na foirne

20. ag tabhairt dá haire gurbh é 702 líon iomlán fhoireann an Choiste ag deireadh 2020 — an líon foirne céanna a bhí ann ag deireadh 2019 — agus gur 95,6 % a bhí i ráta líonta na bpost don phlean bunaíochta, céatadán atá beagán níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil ualach oibre an Choiste ag dul i méid, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leas na foirne;

21. á chur in iúl gurb oth léi líon na bhfolúntas fadtéarmach do phoist mheánbhainistíochta agus ardbhainistíochta (cúig fholúntas a bhí ann ar feadh seacht mí nó níos mó), do bhainisteoirí i bpoist "ad interim" (beirt bhainisteoirí i bpoist "ad interim" ar feadh níos mó ná seacht mí) in ainneoin na rialacha atá i bhfeidhm agus do bhainisteoirí i bpoist dhúbailte "ar mhaithe leis an tseirbhís" (seisear bainisteoirí i bpoist dhúbailte ar feadh níos faide ná seacht mí); á chur in iúl gur oth léi go ndearnadh dhá nós imeachta roghnúcháin a chur ar ceal agus a athfhoilsiú in 2020, agus gur dúnadh nós imeachta roghnúcháin amháin gan ceapachán a dhéanamh agus go bhfuil gearáin chuig an Ombudsman Eorpach (an tOmbudsman) ar siúl ina leith sin; ag tabhairt faoi deara, agus is ábhar imní di, gur líonadh 23 phost tar éis dhul in éag an spriocdháta soghluaisteachta; á chur in iúl gur ábhar imní di go bhféadfadh na cásanna sin cur le dearcadh diúltach i leith bhainistiú Acmhainní Daonna an Choiste agus, ar an gcaoi sin, go bhféadfadh na deacrachtaí earcaíochta dul i méid; á iarraidh ar an Ard-Rúnaí, mar an t-údarás riaracháin is airde laistigh den Choiste, measúnú iomlán a dhéanamh ar an gcás agus tuarascáil a thabhairt do na húdaráis bhuiséadacha;

22. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Coiste in 2020 gurbh ionann gan bheith in ann líon leordhóthanach foirne a aimsiú agus fadhb thrasnach inmheánach; ag moladh don Choiste féachaint ar bhealaí chun cur le tarraingteacht an Choiste mar fhostóir agus le spéis iarratasóirí ionchasacha agus chun feabhas a chur ar an gcomhar leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne, i.e. liostaí ionadaithe d'iarrthóirí cáilithe a chruthú; á chur in iúl gurb eol di tuairiscí mionsonraithe ar phoist a bheith á bhfoilsiú in Sysper do gach post i rúnaíocht an Choiste chun trédhearcacht a mhéadú agus chun tacú le leithdháileadh freagrachtaí níos cuíchóirithe; ag achainí go láidir ar Ard-Rúnaí an Choiste feabhas a chur ar an trédhearcacht i dtaca le painéil roghnúcháin a cheapadh, go háirithe i nósanna imeachta earcaíochta le haghaidh poist bhainistíochta, agus stop a chur le poist "choibhéiseacha", mar a thugtar orthu, a bheith á gcruthú lena ndéantar an chuntasacht níos doiléire agus lena dtarraingítear amhras ar chomhlíonadh phrionsabal na córa comhionainne; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí chun freagairt d'ionchais ghairme na foirne, amhail athbhreithniú ar chinntí soghluaisteachta an Choiste, infheistiú in oiliúint na foirne agus treoir ghairme a sholáthar;

23. ag tabhairt dá haire gur tháinig athruithe idir 29 % agus 34 % le blianta beaga anuas ar chéatadán na foirne a bhain úsáid as socruithe oibre solúbtha, agus laghdú suntasach tagtha in 2020 ar féidir a rá gur mheascán de na bearta a bhaineann le paindéim COVID-19, go háirithe an gaibhniú éigeantach, agus an díolúine ó chlárú ama oibre a ghlac an Coiste, ba chúis leis; ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, gur fear as cúigear an sciar de na fir a bhain úsáid as patrúin sholúbtha oibre in 2020, sciar ar comhionann é, a bheag nó a mhór, agus sciar 2019; á iarraidh ar an gCoiste dea-chleachtais bhailíochtaithe a ghlacadh sa réimse sin, amhail seisiúin faisnéise do bhaill foirne nua, comhairle aonair ó oifigigh comhdheiseanna nó spás tiomnaithe ar an inlíon, chomh maith lena áirithiú nach ndéanfar dochar ar bhealach ar bith do dhul chun cinn gairme na bhfostaithe i dtrácht mar phionós as úsáid a bhaint as na socruithe oibre atá ar fáil; á chur in iúl gur geal léi gur féidir le daoine atá i bpáirtnéireachtaí cláraithe leas a bhaint as saoire tuismitheora agus as deiseanna uaireanta oibre solúbtha do thuismitheoirí a bhfuil leanaí óga acu;

24. á chur in iúl gur mór aici go ndearnadh teilea-obair a leathnú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach do gach ball foirne, seachas baill foirne a raibh cúraimí criticiúla á gcur i gcrích acu, ar cúraimí iad lenar gá do na baill foirne sin a bheith i láthair san áitreabh; ag tabhairt dá haire go bhfuair an fhoireann nuachtlitir rialta ina raibh leideanna agus cleasanna, sa bhreis ar ghníomhaíochtaí sonracha dírithe ar fhéinchúram, chun cabhrú leo an tréimhse fhada teilea-oibre a láimhseáil;

25. ag tabhairt dá haire go raibh 702 bhall foirne ag an gCoiste ag deireadh 2020, comhdhéanta de 458 mbean agus 244 fhear; ag tabhairt faoi deara go raibh laghdú ó chéatadán na mban i bpoist mheánbhainistíochta — ó 48 % in 2019 go 47 % in 2020, lena n-áirítear poist mar chinn aonaid ghníomhacha; ag tabhairt faoi deara, agus is ábhar imní di, go raibh laghdú níos géire ar na poist ardbhainistíochta — ó 57 % in 2019 go 40 % in 2020, lena n-áirítear leas-stiúrthóirí; á thabhairt chun suntais go bhfuil an treocht sin i gcoinne an mhéadaithe ar líon na mban ar leibhéal AD nó ar leibhéal coibhéiseach i bpoist neamhbhainistíochta (63,3 % in 2020, i gcomparáid le 62,2 % in 2019 agus 62,2 % in 2019); á chur in iúl nach n-aontaíonn sí le poist ghníomhacha nó poist thánaisteacha a bheith san áireamh sna figiúirí mar gheall ar a gcineál sealadach agus toisc go bhféadfadh aon cheapachán amháin an cóimheas foriomlán in institiúid measartha beag a shaobhadh;

26. ag moladh don Choiste féachaint ar dhreasachtaí agus bearta sonracha a chuirtear chun feidhme go rathúil in eintitis eile chun rochtain na mban ar phoist bhainistíochta a chur chun cinn, amhail aitheantas foirmiúil a thabhairt do fhreagrachtaí bainistíochta faoi bhun leibhéal an chinn aonaid, tacaíocht mheantóireachta agus oiliúint réamhbhainistíochta; ag meabhrú na mbeart éagsúil d'fhonn an príomhshruthú inscne a fheabhsú san obair pholaitiúil agus riaracháin atá pléite agus sainaitheanta ag an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne i bParlaimint na hEorpa; á chreidiúint gur cheart don Choiste spriocanna níos uaillmhianaí a leagan síos maidir le cothromaíocht inscne chun an timpeallacht oibre a dhéanamh níos cothroime, níos ilchineálaí agus níos tarraingtí; á mholadh go gceapfaí oifigeach comhionannais deiseanna ina roinn acmhainní daonna chun gníomhaíochtaí ar an láthair a éascú i ndáil leis sin;

27. ag tabhairt dá haire go bhfostaíonn an Coiste baill foirne ó na Ballstáit uile; ag tabhairt dá haire, maidir le dáileadh geografach bainisteoirí, gur ó Bhallstáit AE-13 a tháinig díreach 15 % de bhainisteoirí i mí na Nollag 2020 (i gcomparáid le 19 % in 2019); á iarraidh ar an gCoiste dul chun cinn suntasach a dhéanamh agus bearta a dhéanamh chun cothromaíocht gheografach a bhaint amach laistigh dá fhoireann ionas go mbainfear ionadaíocht chuí amach i dtaca le náisiúnaigh ó na Ballstáit uile, lena n-áirítear ar an leibhéal bainistíochta, rud a léiríonn a n-éagsúlacht, mar a luaitear in Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne;

28. ag tabhairt dá haire, chun sonraí pearsanta a chosaint, nach mbailítear aon sonraí faoi bhaill foirne atá faoi mhíchumas ach á chur in iúl go bhfuil bac mar thoradh air sin ar mheasúnú ceart a dhéanamh ar an gcás agus ar bheartais leormhaithe a fhorbairt sa réimse sin; ag tabhairt dá haire go gcuireann an Coiste prionsabal na cóiríochta réasúnta i bhfeidhm chun troscán eirgeanamaíoch agus trealamh TF a chur ar fáil chun timpeallacht oibre oiriúnach a chruthú; á chur in iúl gur geal léi go gcuirtear míchumas san áireamh go hiomlán sa straitéis chomhpháirteach foirgneamh agus i gCoiste na Réigiún;

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil meastóireacht á déanamh ar phlean gníomhaíochta 2017-2020 maidir le comhdheiseanna agus éagsúlacht agus ag dréim leis go gcuirfidh sé ionchur luachmhar ar fáil le haghaidh tuilleadh bearta oiriúnacha agus nithiúla; á iarraidh ar an gCoiste na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 a chur san áireamh freisin agus plean gníomhaíochta nua á dhréachtú;

30. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coiste cur chuige saincheaptha faoi dheireadh in 2020 chun cásanna traochta a chosc a chuimsigh, i dteannta na mbeart ginearálta, teagmháil réamhghníomhach leis na baill foirne atá i mbaol, sceidil sholúbtha oibre (gan clárú ama), nuachtlitir ina bhfuil leideanna agus cleasanna, agus gníomhaíochtaí cumarsáide sonracha; á chur in iúl gur údar díomá di nach raibh an Coiste in ann líon na gcásanna a thomhas a bhain le comharthaí sóirt an traochta de dheasca na hoibre a bhí ann i measc na foirne; á iarraidh ar an gCoiste níos mó a dhéanamh ná gníomhaíochtaí múscailte feasachta, agus dea-chleachtais bhailíochtaithe a ghlacadh maidir le, *inter alia*, bainistiú an ualaigh oibre, cumarsáid agus réiteach coinbhleachtaí do bhainisteoirí nó beartas maidir le filleadh ar an obair ina gcuirtear san áireamh na sainiúlachtaí a bhaineann leis an traochadh áirithe sin;

31. ag tabhairt dá haire gur óstáil an Coiste 48 n-oiliúnaí fhadtéarmacha, ar bronnadh deontas míosúil orthu uile (lena n-áirítear 14 thréimhse oiliúna a cuireadh ar fionraí mar gheall ar phaindéim COVID-19, a tosaíodh arís ansin i bhfómhar na bliana 2020, agus a chomhairtear faoi dhó); ag tabhairt faoi deara gur cuireadh uirlisí TF leormhaithe ar fáil do na hoiliúnaithe uile agus gur bhain siad tairbhe as na socruithe oibre a bhí i bhfeidhm do bhaill foirne an Choiste ach á chur in iúl gur oth léi, as cúigear oiliúnaithe gearrthéarmacha, go raibh triúr ann nach raibh i dteideal aon ranníocaíocht airgeadais ar bith a fháil seachas polasaí árachais; á iarraidh an athuair ar an gCoiste a áirithiú go bhfaighidh a chuid oiliúnaithe uile luach saothair cuibhiúil;

32. á mheabhrú go ndearna an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúdú in 2018 agus in 2019 i ndáil leis an gcás ciaptha a raibh baint ag iar-Uachtarán Ghrúpa I leis, ar imscrúdú é a tionscnaíodh tar éis blianta inar cuireadh cosc ar réiteach níos fearr ar an gcás de dheasca easnaimh na n-imeachtaí inmheánacha agus easpa gníomhaíochta ag an ordlathas riaracháin, arbh easpa gan údar í; á chur in iúl gurb oth léi go mór go bhfuil Ard-Rúnaí an Choiste fós ag diúltú easnaimh agus freagrachtaí inmheánacha a admháil, rud a sháraíonn an dualgas cúraim i leith fhoireann an Choiste; á aithint gur iarradh ar an gcomhalta i dtrácht, le cinneadh ó bhiúró an Choiste an 9 Meitheamh 2020, a iarrthóireacht ar Uachtaránacht an Choiste a tharraingt siar agus gur urscaoileadh an Comhalta sin ó gach gníomhaíocht bainistithe foirne; á chur i bhfáth gur eisigh OLAF moltaí araíonachta agus breithiúnacha agus, tar éis na moltaí breithiúnacha, gur oscail ionchúisitheoir na Beilge cás coiriúil; á chur in iúl gur eol di go ndearna an comhalta sin achomharc i gcoinne chinneadh bhiúró an Choiste chuig an gCúirt Bhreithiúnais ach gur chaill sé an cás; á thabhairt chun suntais nach n-aithníonn an comhalta sin fós go ndearna sé rud as bealach ná nach bhfuil aiféala air faoi, rud a léiríonn nach bhfuil aon fhéinmhachnamh déanta aige agus nach bhfuil aon mheas aige ar na híospartaigh lena mbaineann;

33. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gur cheap an Chomhairle iarUachtarán Ghrúpa I ina chomhalta le haghaidh sainordú nua; á aithint go dtugtar an chumhacht eisiach don Chomhairle faoi Airteagal 302 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh comhaltaí an Choiste a cheapadh tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus ar bhonn liosta na n-iarrthóirí arna moladh ag na Ballstáit; á aithint, dá bhrí sin, nach bhfuil ról foirmiúil ag an gCoiste sna cinntí a dhéanann an Chomhairle chun comhaltaí an Choiste a cheapadh; á chur in iúl gur oth léi nach féidir dul i gcomhairle leis an gCoiste agus a chuid Comhaltaí féin á gceapadh; ag cur béim ar an bhfíoras gur chun leasa fheidhmiú cuí an Choiste é go gcuirfí an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas go cuí faoi na hiarrthóirí le linn an nós imeachta ceapacháin; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an nós imeachta ceapacháin chun go gcuirfí ar chumas an Choiste cur chuige níos gníomhaí a ghlacadh maidir le ceapadh a chuid comhaltaí; á chur in iúl gur geal léi a thoilteanaí atá an Coiste a bheith níos rannpháirtí sa nós imeachta ceapacháin agus é sin a chur in iúl don Choimisiún;

34. ag tabhairt dá haire go ndearna biúró an Choiste cinneadh an 9 Meitheamh 2020 maidir leis an gCoiste a bheith ag dul isteach sa nós imeachta os comhair Chúirt Choiriúil na Bruiséile mar pháirtí sibhialta; ag tabhairt dá haire gur tarscaoileadh díolúine an chomhalta i dtrácht sa sainordú roimhe seo arna iarraidh sin d'Iniúchóir Saothair na Bruiséile agus ag tathant ar an gCoiste gach beart is gá a ghlacadh go pras chun an ghníomhaíocht atá ar feitheamh os comhair údaráis bhreithiúnacha na Beilge a éascú; ag dréim leis go ndéanfar na páirtithe lena mbaineann a choinneáil cuntasach agus á iarraidh go ndéanfar í a chur ar an eolas faoi na himeachtaí;

35. á chur in iúl gurb eol di gur thángthas ar chomhaontú faoi shocrú leis an mbeirt a ndearnadh ciapadh morálta orthu, atá fós ag obair sa Choiste, agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil duine díobh fós ag fanacht ar fhorghníomhú deiridh an tsocraithe; á thabhairt dá haire gur dhearbhaigh an Coiste i mí Aibreáin 2022 do Choiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach go bhfuil nasc díreach idir an pointe aonair den chomhaontú atá ar feitheamh agus an t-athrú eagraghraim a bheidh le socrú le Coiste na Réigiún, agus gur chomhaontaigh an dá pháirtí nár cheart an réiteach malartach atá leabaithe sa chomhaontú socraíochta a chur i ngníomh go dtí seo; á iarraidh ar an gCoiste forfheidhmiú éifeachtach na gcomhaontuithe sin faoi shocrú a chur i gcrích go pras agus tuarascáil a chur i dtoll a chéile faoi de réir mar is gá faoin dlí;

36. á chur in iúl gurb oth léi, ó bhí na cruinnithe fíorúla idir an bheirt a bhí thíos le mí-iompar tromchúiseach agus uachtarán an Choiste ar siúl i mí an Mhárta 2021, nár tháinig an Coiste ar chomhaontuithe faoi shocrú leis na híospartaigh go fóill, agus á chur in iúl gurb oth léi nach raibh na gníomhaíochtaí a rinne bainistíocht an Choiste éifeachtach ná cinntitheach; ag diúltú do thuairim Ard-Rúnaí an Choiste nár thángthas ar chomhaontú faoi shocrú fós toisc nach bhfuil an bheirt íospartach sin ag obair leis an gCoiste a thuilleadh agus gur údar cuí é sin; ag meabhrú na dteachtaireachtaí éagsúla don Choiste a sheol an t-íospartach a d'fhág an Coiste in 2017; ag cur béim ar an bhfíoras nach bhfaca an t-íospartach aon mholadh tosaigh ón lucht riaracháin go dtí lár 2021, cé go dtéann na gearáin a rinneadh le hArd-Rúnaí an Choiste siar go tús 2019, agus ag déanamh cáineadh géar, dá bhrí sin, ar an ráiteas a thug an tArd-Rúnaí inar cuireadh in iúl gurbh é an t-íospartach ba chúis leis an moill ar an socrú; ag tabhairt dá haire go ndearna an duine a bhí thíos le mí-iompar tromchúiseach ar iarchomhalta de chuid an Choiste é roinnt iarrataí a chur faoi bhráid Uachtarán an Choiste le linn an chruinnithe fhíorúil i mí an Mhárta 2021, lena n-áirítear iarraidh ar leithscéal poiblí ón gCoiste leis na híospartaigh, socrú iomlán cúitimh do na híospartaigh agus imscrúdú seachtrach ar chiapadh laistigh den Choiste; á chur in iúl gurb oth léi go mór go raibh ar na híospartaigh atá i gcás leochaileach na ráitis a thug Ard-Rúnaí an Choiste do Pharlaimint na hEorpa a shéanadh arís go poiblí; ag

tabhairt dá haire gur dhearbhaigh an Coiste i mí Aibreáin 2022 do Choiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach go bhfuil na bearta a comhaontaíodh le linn an chruinnithe sin curtha chun feidhme nó á gcur chun feidhme; ag tabhairt dá haire ráiteas poiblí ó Uachtarán an Choiste an 13 Aibreán 2022 lenar cuireadh in iúl an athuair a leithscéal oifigiúil thar ceann an Choiste d'íospartaigh uile an cháis;

37. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé mar aidhm leis na comhaontuithe faoi shocrú damáistí morálta, costais dlí agus an tionchar ar ghairmeacha a chumhdach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh sé go bhfágfadh an chaibidlíocht aonair ag céimeanna éagsúla den chás go ndéanfaí comhaontuithe éagothroma leis na híospartaigh toisc go gcaitear ar bhealach difriúil leis na cásanna; ag tathant ar an gCoiste comhaontuithe faoi shocrú atá oiriúnach agus cóir a bhunú agus a fhorghníomhú do na híospartaigh uile lena mbaineann a luaithe is féidir; á chur in iúl gurb oth léi nach nglacann an Coiste leis an bhfreagracht go fóill ná nach bhfuil imscrúdú seachtrach déanta aige chun a thromchúisí atá an mhí-úsáid a athbhreithniú, agus ag tathant ar an gCoiste, mar a gheall bainistíocht an Choiste, an t-imscrúdú sin a dhéanamh agus leithscéal a ghabháil go poiblí leis na híospartaigh uile a bhí thíos le mí-iompar agus ciapadh morálta iarUachtarán Ghrúpa I; ag tathant ar an gCoiste gach beart is gá a dhéanamh láithreach nuair a thagann cás chun cinn agus bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun gach cás ciaptha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a chosc; ag meabhrú a thábhachtaí atá an cúrsa oiliúna éigeantach faoin mbeartas frithchiaptha don fhoireann;

38. ag meabhrú don Choiste gurb é an t-íospartach ar iarchomhalta é an sceithire freisin a thug foláireamh d'institiúidí an Aontais faoi iompar iarUachtarán Ghrúpa I; ag cáineadh an fhíorais, d'ainneoin Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus rialacha an Choiste maidir le sceithireacht ([2]), nár chosain an Coiste céannacht an sceithire; á chur in iúl go bhfuil sí fíor-mhíshásta go ndearna iarUachtarán an Choiste agus an t-iarstiúrthóir acmhainní daonna agus airgeadais araon, ar Ard-Rúnaí an Choiste anois é, iarracht caingean dlí a thionscnamh i gcoinne an sceithire;

39. á chur in iúl gur geal léi an córas ilsrathach cumarsáide nua a thairgtear do sceithirí (oifigeach uachtarach díreach, OLAF agus údarás seachtrach) a bunaíodh i mí Iúil 2021 in éineacht le treoir agus tacaíocht ó chomhairleoirí eitice;

40. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, cé go meastar go sealadach go mbeidh costas thart ar EUR 150 000 ar chúiteamh agus ar tháillí dlíthiúla in 2020, nach féidir fós méid iomlán deiridh na gcistí a caitheadh i mblianta roimhe sin nó atáthar a thuar a chaithfear sa chás sin amach anseo a thomhas go díreach; á áitiú ar an gCoiste, ag obair i gcomhar lena sheirbhís dlí, gach beart is gá a ghlacadh chun an cás seo a thabhairt chun críche, lena n-áirítear na méideanna comhfhreagracha arna gcúiteamh ag an gCoiste leis na híospartaigh a éileamh ar ais ó dhéantóir na coire; á chur in iúl gurb oth léi gur beag seans atá ann go bhfaighfear an méid airgid phoiblí a caitheadh ar ais agus á iarraidh ar an gCoiste meastachán mionsonraithe a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa maidir leis na méideanna a bhfuil súil aige iad a fháil ar ais;

41. á mheabhrú gur dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh a dheonú d'Ard-Rúnaí an Choiste don bhliain airgeadais 2018 de bharr, *inter alia*, sárú mínáireach ar dhualgas cúraim an lucht riaracháin agus a easpa gnímh, mar aon le hiarmhairtí airgeadais, agus á chur in iúl go raibh díomá mhór uirthi faoina laghad gníomhaíocht chinntitheach, go háirithe bearta coisctheacha agus ceartaitheacha, a rinne an stiúrthóir acmhainní daonna agus airgeadais a bhí ann ag an am, ar Ard-Rúnaí an Choiste anois é, go dtí gur diúltaíodh an t-urscaoileadh le haghaidh 2018;

42. á mheabhrú gur iarr Parlaimint na hEorpa ar Uachtarán an Choiste, i gcomhthéacs urscaoileadh 2019, ról gníomhach a bheith aige ó thaobh teacht ar shocrú leis na híospartaigh, d'fhonn teacht ar chomhaontú cothrom agus sásúil idir na páirtithe uile agus aon choinbhleachtaí leasa a chosc, agus go ngabhfadh an Coiste leithscéal leis na híospartaigh go poiblí, rud nár tharla faraor;

43. á chur in iúl gur oth léi go ndearnadh sé iarraidh ar chúnamh a bhain le cásanna féideartha ciaptha in 2020, rud a chruthaíonn gur gá na bearta coisctheacha atá i bhfeidhm a atreisiú; ag tabhairt faoi deara go mbaineann trí cinn de na hiarrataí sin le cás iar-Uachtarán Ghrúpa I, cás a tarchuireadh chuig údaráis bhreithiúnacha na Beilge; ag tabhairt dá haire gur dúnadh cás amháin agus go bhfuil cás amháin eile os comhair údaráis bhreithiúnacha na Beilge freisin; ag tarraingt aird ar an bhfíoras, agus é ina chúis imní di, go raibh iarraidh amháin fós á fiosrú go hinmheánach i mí

([1]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

([2]) Cinneadh Uimh. 053/16 A ó CESE an 2 Márta 2016, Airteagal 9(1).

na Samhna 2021, rud is cúis leis an bParlaimint a bheith á athdhearbhú, cé nach mór próisis chuí agus cearta aonair a urramú, go mbíonn tionchar díobhálach ag an imeacht ama ar na híospartaigh agus, dá bhrí sin, tá sí ag tathant ar an gCoiste próiseáil na hiarrata sin a chur chun cinn gan a thuilleadh moille agus tuairisc a thabhairt ar láimhseáil an cháis sin;

44. á chur in iúl gur eol di an cás ciaptha a thuairiscigh sceithire don Choiste agus a tarchuireadh chuig OLAF i mí Lúnasa 2020, ar cás é a bhaineann le comhalta d'fhoireann Choiste na Réigiún atá ag obair sna comhsheirbhísí agus ina bhfuil líomhaintí faoi mhíbhainistíocht agus faoi mhírialtachtaí airgeadais; á iarraidh ar an gCoiste agus ar Choiste na Réigiún tuarascáil a thabhairt go comhpháirteach don Pharlaimint maidir le toradh an imscrúdaithe arna dhéanamh ag OLAF, chomh maith le haon fhíorú inmheánach nó beart eile a bhfuil imscrúdú ar feitheamh ina leith;

45. á thabhairt dá haire gur athbhreithníodh na cinntí maidir le ciapadh agus sceithireacht in 2020 agus gur oth léi gur cuireadh moill ar na cinntí nua, a bhí le glacadh in 2021; ag athdhearbhú a thábhachtaí atá prionsabal an dualgais cúraim i leith na foirne, dualgas a chuimsíonn cosaint a thabhairt do sceithirí agus cosc a chur le haon chineál ciaptha, mar aon le bearta cosanta agus tacaíochta d'íospartaigh atá soiléir agus láidir; ag tathant ar an gCoiste nósanna imeachta aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm chun déileáil le cásanna ciaptha ionas nach mbeidh aon difríochtaí ann idir íospartaigh agus chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom leis an gcúisí gan beann ar thosca amhail leibhéal an leibhéal ordlathach; ag meabhrú don Choiste, maidir leis an bhfíoras nach féidir na Rialacháin Foirne a fhorchur ar chomhalta den Choiste, nach féidir féachaint air sin mar údar cuí le heaspa gnímh; ag tabhairt dá haire gur dhearbhaigh an Coiste in Aibreán 2022 do Choiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach gur tháinig na cinntí athbhreithnithe maidir le sceithireacht agus ciapadh i bhfeidhm an 15 Nollaig 2021 agus an 4 Aibreán 2022 faoi seach;

46. á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoi thrí imscrúdú de chuid OLAF a bhfuil baint ag an gCoiste leo agus go raibh ceann amháin acu in 2020 nár thángthas ar fhianaise lena léireofaí aon fhreagracht ar an mball foirne lena mbaineann, agus dhá cheann acu fós ar siúl, ar osclaíodh ceann amháin acu in 2019 agus an ceann eile in 2020, chomh maith le cás roghnúcháin amháin a caitheadh amach freisin in 2020 gan aon imscrúdú a thionscnamh;

47. á athdhearbhú go gcuireann aon iompar mí-eiticiúil a dhéanann foireann agus baill institiúidí agus comhlachtaí an Aontais bac ar bhainistiú fónta chistí an Aontais agus go mbíonn tionchar diúltach aige ar mhuinín na saoránach as an Aontas ina iomláine; ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, cé go bhfuil athbhreithniú forleathan ar an gcreat eiticiúil inmheánach, a bhí ag teastáil go géar, á dhéanamh i láthair na huaire, nach féidir a shéanadh go bhfuil sárú tromchúiseach ar dhualgas cúraim an Choiste i leith a bhaill foirne á dhéanamh le rófhada anuas, rud a chruthaíonn cultúr ar cúis aiféala é lena gcreidtear go mbeifear saor ó phionós agus gur féidir ciapadh a dhéanamh, mar thoradh ar stíleanna náireacha bainistíochta, a léirítear, i measc nithe eile, leis na hiarrataí athfhillteacha a rinneadh ar chúnamh agus ar chásanna a tuairiscíodh do OLAF; á chur in iúl gurb oth léi gur tugadh neamhaird go comhsheasmhach ar a cuid iarrataí soiléire go ndéanfaí gníomhaíocht inmheánach chuntasachta agus á áitiú gur gá imscrúdú seachtrach agus neamhspleách a dhéanamh chun freagracht ghrádlathas riaracháin an Choiste a chinneadh agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 22 de na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm; á iarraidh go ndéanfaí imscrúdú seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta acmhainní daonna an Choiste agus ar a éifeachtaí atá siad agus béim ar leith á cur ar aghaidh a thabhairt ar líomhaintí ciaptha agus ar dhea-bhail na foirne a áirithiú;

Creat eitice agus trédhearcacht

48. ag tabhairt dá haire gur cruthaíodh meitheal inmheánach a raibh sé de chúram uirthi athbhreithniú, a raibh géarghá leis, a dhéanamh ar chreat eitice an Choiste ina iomláine; á chur in iúl gurb eol di gur dhréachtaigh an mheitheal plean gníomhaíochta a glacadh i mí Eanáir 2021 agus as ar tháinig athbhreithnithe ar chód iompair an Choiste; á iarraidh ar an gCoiste tuarascáil a thabhairt don Pharlaimint maidir le toradh na hanailíse sin, an phlean gníomhaíochta agus na ngníomhaíochtaí cur chun feidhme;

49. ag tabhairt dá haire gur cuireadh de chúram ar ghrúpa tiomnaithe de chomhaltaí an Choiste athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód iompair do chomhaltaí, lena n-áirítear bearta coisctheacha agus smachtbhannaí féideartha a atreisiú, tar éis théarma oifige nua an Choiste i mí Dheireadh Fómhair 2020; á chreidiúint go gcaithfidh an cód iompair a bheith bunaithe ar an taithí a fuarthas tar éis an cháis ciaptha, go gcaithfear tagairt a dhéanamh ann do na prionsabail arna bhformhuiniú ag an gCúirt Ghinearálta ina cuid rialuithe agus ag an Ombudsman ina cuid moltaí, agus go gcaithfear nós imeachta gearán a bheith mar chuid de atá sonrach agus tapa agus lena gcosnaítear íospartaigh ón tús mar aon le córas smachtbhannaí atá soiléir agus in-fhorfheidhmithe; á chur in iúl gur eol di gur glacadh an cód iompair nua i mí Eanáir 2021 agus gur cuireadh bróisiúr mionsonraithe maidir lena chur chun feidhme ar fáil do na comhaltaí; á iarraidh ar an gCoiste dea-chleachtais bhailíochtaithe a úsáid chun feasacht a mhúscailt i measc comhaltaí agus comhaltaí malartacha agus, san fhadtéarma, feabhas a chur ar chultúr inmheánach an Choiste maidir le saincheisteanna eitice;

50. ag tabhairt le fios go bhfuil nós imeachta díbeartha san áireamh sa chód iompair nua ar dá réir a chinnfidh an tionól díbirt a dhéanamh ar bhonn togra arna chur ar aghaidh ag an mbiúró agus a dtabharfar fógra don Chomhairle ina leith ionas gur féidir tús a chur le nós imeachta athsholáthair; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil rialacha athbhreithnithe na nósanna imeachta i gcomhréir leis na forálacha díbeartha mar a leagtar síos sa chód iompair iad agus á chur in iúl gurb eol di go bhfuil gá leis an athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair ar rialacha nós imeachta an Choiste chun gur féidir úsáid a bhaint as an nós imeachta díbeartha sin; á iarraidh ar an gCoiste Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi na hathbhreithnithe sin go pras agus á mholadh don Choiste dul i mbun réamhchainteanna leis an gCoimisiún maidir leis an bhféidearthacht na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm a leasú;

51. á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoi na ceithre ghearán a láimhseáil an tOmbudsman in 2020 a bhain le heaspa trédhearcachta, le diúltú rochtain a thabhairt ar cháipéisí agus, in dhá chás, le mainneachtain freagra a thabhairt ar iarraidh; ag tabhairt dá haire go mbaineann ceann amháin ar a laghad de na fiosrúcháin sin le haisíocaíocht agus liúntais; ag déanamh cáineadh ar an easpa trédhearcachta agus ag tathant ar an gCoiste cumarsáid iomlán agus thrédhearcach a dhéanamh faoin ábhar sin;

52. á iarraidh ar an gCoiste dul i mbun tuilleadh gníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir leis an gcreat eitice agus maidir le nósanna imeachta do sceithirí; á chur in iúl gur geal léi an cúrsa oiliúna éigeantach atá ann maidir le heitic agus ionracas do gach ball foirne lena n-áirítear daoine nua tar éis cinneadh a glacadh in 2021; á iarraidh ar an gCoiste an oiliúint sin a dhéanamh éigeantach do chomhaltaí agus do bhainisteoirí; á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh post mar chomhordaitheoir eitice laistigh de Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna agus Airgeadais an Choiste, a fhaigheann tacaíocht ó fhoireann nua comhairleoirí eitice; á chur in iúl gur mór aici gur síníodh comhaontú nua ar leibhéal seirbhíse le hOifig Imscrúdaithe agus Araíonachta (IDOC) an Choimisiúin chun fiosrúcháin riaracháin a ghairmiúlú;

53. á aithint, leis an gComhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an gclár trédhearcachta i gcomhair eagraíochtaí agus daoine féinfhostaithe a ghabhann do dhéanamh agus do chur chun feidhme bheartais AE ([3]) agus le Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach ([4]), go gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais; ag cur in aghaidh dhiúltú an Choiste d'úsáid an Chlár Trédhearcachta ar an bhforas gur comhlacht comhairleach é an Coiste; ag tathant ar an gCoiste páirt a ghlacadh sa Chlár Trédhearcachta d'fhonn feabhas a chur ar thrédhearcacht a chuid idirghníomhaíochtaí le hionadaithe leasa sheachtraigh;

54. ag tabhairt go bhfuil ombudsman inmheánach a chur ar bun ar cheann de na príomhbhearta sa phlean gníomhaíochta a glacadh in 2021 chun creat eitice an Choiste a neartú; á chur i bhfios gur mar chomhaontú a fuair tacaíocht ón bhfoireann a cuireadh an cinneadh maidir le hombudsman inmheánach a chur ar bun i láthair, cé gurb é fírinne an scéil gur thug coiste foirne an Choiste tuairim dhiúltach ina leith; ag athdhearbhú an amhrais a chuir coiste foirne agus seirbhís dlí an Choiste in iúl maidir leis an togra a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus rúndacht an ombudsman inmheánaigh; ag ceistiú an ghá atá le hombudsman inmheánach den sórt sin i bhfianaise, ar thaobh amháin, na srianta maidir le hacmhainní daonna agus, ar an taobh eile, an ghá atá le comhairleoirí eitice, le comhairleoirí rúnda agus, go háirithe, an leis an gcomhaontú le IDOC; ag tathant ar an gCoiste díriú ar na sásraí a bhaineann leis an eitic atá i bhfeidhm cheana a fhorfheidhmiú agus san am céanna foireann leordhóthanach a úsáid go heisiach le haghaidh a chuid oibre reachtaí, agus aird á díriú ar a éifeachtaí atá na bearta a glacadh i ndáiríre; á mheabhrú gurbh fhacthas don Ombudsman, sa Tuarascáil uaithi ar dhínit ag an obair in institiúidí agus gníomhaireachtaí AE (SI/2/2018/AMF), gur féidir dúshlán ar leith a bheith roimh institiúidí beaga teacht ar imscrúdaitheoirí a mheastar a bheith neamhchlaonta agus cóir agus á mholadh go mbainfí úsáid as imscrúdaitheoirí seachtracha agus neamhspleácha seachas acmhainní inmheánacha chun neamhspleáchas agus neodracht a ráthú;

55. ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfí tuilleadh feabhais ar ghníomhaíochtaí seachtracha chomhaltaí an Choiste tar éis an mholta a rinne an tOmbudsman sa tuarascáil uaithi dar teideal *Revolving doors - Implementation of Article 16 of the EU Staff Regulations in a range of EU institutions, bodies and agencies* [Doirse imrothlacha — Cur chun feidhme Airteagal 16 de Rialacháin Foirne AE i réimse institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid AE], cás SI/2/2017/NF; ag tabhairt dá haire go ndearna an Coiste cinneadh anailís mhionsonraithe a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá na moltaí éagsúla a rinne an tOmbudsman sa tuarascáil sin á gcur chun feidhme; á iarraidh ar an gCoiste dlús a chur leis an gcinneadh faoin athbhreithniú ar an gcreat atá ann faoi láthair maidir le brústocaireacht agus abhcóideacht chun a chóras a threisiú féachaint le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn a sheachaint;

([3]) IO L 277, 19.9.2014, lch. 11.
([4]) IO L 207, 11.6.2021, lch. 1.

Digitiú, cibearshlándáil, cosaint sonraí

56. á aithint gur chuir ráig phaindéim COVID-19 dlús leis an treocht a bhí ann cheana maidir le huirlisí cumarsáide agus próisis riaracháin a shimpliú agus a dhigitiú, amhail glacadh scagchuarda airgeadais "gan pháipéar"; á chreidiúint gur cheart do na feabhsuithe tástáilte a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 teacht chun bheith struchtúrach agus go mbeidís ann fós tar éis na paindéime;

57. ag tabhairt dá haire gur EUR 7 500 000 a bhí sa bhuiséad le haghaidh TF in 2020 i gcomparáid le EUR 4 900 000 in 2019, athrú arb ionann é agus méadú 53 %, agus arb é is cúis leis, den chuid is mó, leithreasaí nár úsáideadh a aistriú ó línte buiséid eile chun aghaidh a thabhairt tuilleadh ar an riaráiste in TF; á mheabhrú nach féidir aistrithe buiséid a chur in ionad an mhaoinithe struchtúraigh is gá d'aon seirbhís TF;

58. ag tabhairt dá haire go raibh ríomhaire glúine curtha ar fáil ag an gCoiste do gach ball foirne faoi dheireadh na bliana 2020 agus gur cuireadh cluasáin ardcháilíochta ar fáil nuair a iarradh iad ar chostas iomlán EUR 322 462; á chur in iúl gur eol di gur ghlac an Coiste cinneadh i mí Eanáir 2021 maidir le cnapshuim a íoc, arna iarraidh sin do bhaill foirne incháilithe, chun costais urghnácha a chumhdach a bhaineann leis an teilea-obair éigeantach (563 iarraidh ar an iomlán arbh ionann a luach iomlán agus EUR 107 271);

59. a chur in iúl gur díol sásaimh di na spriocanna insoláthartha sonracha a bhaineann leis an gcibearshlándáil a leagtar amach i straitéis dhigiteach an Choiste; á chur in iúl gur mór aici an dlúthchomhar leis an bhFoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, do chomhlachtaí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais (CERT-AE) mar bhunchloch do shlándáil TF an Choiste;

60. ag tréaslú leis an gCoiste as feabhas suntasach a chur ar thairseach na gcomhaltaí, ar Phoenix agus ar an uirlis shreabhadh oibre doiciméad Adonis agus as an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an timpeallacht néalríomhaireachta hibrideach mar an chuid dheireanach den áit oibre digiteach; ag tabhairt dá haire go ndearnadh athchóiriú iomlán ar roinn na gcomhaltaí d'inlíon an Choiste chun ionad ilfhreastail a dhéanamh di; á chur in iúl gur díol sásaimh di úsáid ríomhshínithe leictreonaigh cháilithe chun síniú leictreonach a dhéanamh chomh maith le huirlisí cianda agus digiteacha eile;

61. ag tabhairt dá haire gur ar anailís agus measúnú a dhéanamh ar fhóntacht na nósanna imeachta agus na bpróiseas a bhí iniúchadh inmheánach an Choiste dírithe le blianta beaga anuas agus go raibh sé dírithe ar idirbhearta iniúchta freisin go pointe áirithe; á iarraidh go ndéanfaí plean sonrach chun cianiniúchóireacht inmheánach nó iniúchóireacht inmheánach dhigiteach a chur chun cinn sa Choiste; ag tabhairt dá haire go ndearna an Coiste, arna iarraidh sin ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, mapáil ar aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha agus gur chinn sé nach ndearnadh difear d'aon ghníomhaíochtaí; ag tabhairt dá haire gur shínigh an Coiste an clárú lenar nascadh é le creatchonradh idirinstitiúideach le Microsoft agus nach bhfuil aon chomhaontuithe ceadúnúcháin aonair ar leithligh aige le Microsoft a thuilleadh; ag moladh don Choiste, áfach, tosaíocht a thabhairt don teicneolaíocht foinse oscailte chun smacht a choimeád ar a chuid córas teicniúil féin, chun spleáchas agus gaibhniú díoltóirí a sheachaint, chun coimircí níos láidre a sholáthar i dtaca le príobháideachas agus cosaint sonraí úsáideoirí, agus chun cur leis an tslándáil agus an trédhearcacht don phobal;

Foirgnimh agus slándáil

62. á chur in iúl go bhfuil a straitéis fhadtéarmach foirgneamh á cur chun feidhme ag an gCoiste agus ag Coiste na Réigiún, ag díriú ar chomhchruinniú geografach agus ar leithdháileadh oifigí a atheagrú; ag tabhairt dá haire gur mheas an mheitheal atá freagrach go raibh sé ríthábhachtach foirgneamh breise a bheith ann ina mbeadh spás do thuairim is 200 duine le go mbeifí in ann dálaí oibre maithe a chruthú; ag tabhairt dá haire gur thug an anailís sin ar an gCoiste agus Coiste na Réigiún caibidlíocht a dhéanamh ar fhoirgneamh B100 a fháil ar cíos ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus gur fhormheas biúró an Choiste agus biúró Choiste na Réigiún an dréacht-chomhaontú riaracháin sa ráithe dheireanach de 2020; á chur in iúl gur eol di gur chuir paindéim COVID-19 moill ar an bpróiseas;

63. á chur in iúl gur geal léi na feabhsuithe atá á ndéanamh ar phríomhréimsí na straitéise foirgneamh, eadhon athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana chun spásanna oibre níos sláintiúla a chruthú atá ailínithe le caighdeáin eirgeanamaíocha, leibhéal na slándála an mhéadú, tomhaltas leictreachais a laghdú agus a ailíniú le hoibleagáidí comhshaoil;

64. ag tabhairt dá haire, tar éis foirgneamh B100 a bheith glactha ar láimh i mí Mheán Fómhair 2021, go bhfuil tástálacha agus laghdú aispeiste fós ar siúl; á iarraidh ar an gCoiste agus ar Choiste na Réigiún faireachán tréimhsiúil a dhéanamh ar dhálaí an fhoirgnimh sin agus an fhoireann a chur ar an eolas i gcónaí dá réir sin; á mheabhrú gur ann do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le hoibrithe a chosaint ar aispeist ([5]);

([5]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0427.

Comhshaol agus inbhuanaitheacht

65. á chur in iúl gur geal léi comhtháthú na gcaighdeán inbhuanaitheachta, comhshaoil agus inrochtaineachta, lena n-áirítear na caighdeáin sin de chuid scéim an Aontais um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), mar chuid de straitéis foirgneamh an Choiste agus Choiste na Réigiún; ag tabhairt dá haire go bhfuil gníomhaíochtaí éagsúla déanta ag an gCoiste agus Coiste na Réigiún ó bunaíodh a gcóras bainistíochta comhshaoil agus é mar aidhm acu feidhmíocht fuinnimh a gcuid foirgneamh a fheabhsú agus a lorg carbóin a laghdú; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh an mheitheal atá dírithe ar an gComhaontú Glas agus á chur in iúl gurb eol di go bhfuil staidéar ar neodracht carbóin an Choiste agus Choiste na Réigiún faoi 2030 ar siúl; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht an Choiste i bhfritháireamh astaíochtaí gás ceaptha teasa Pharlaimint na hEorpa agus go bhfuil líne shonrach bhuiséid ag an gCoiste chun na leithreasaí faoi seach a sholáthar; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an leictreachas arna thomhailt ag an gCoiste á sholáthar go heisiach ag fuinneamh glas ó fhoinsí inbhuanaithe; ag moladh don Choiste, thairis sin, grianphainéil a shuiteáil ar gach foirgneamh chun an éifeachtúlacht carbóin a mhéadú;

66. ag tabhairt dá haire go ndearnadh roinnt gníomhaíochtaí nithiúla chun úsáid páipéir a laghdú agus ag tathant ar an gCoiste beartas ceart gan pháipéar a ghlacadh; á chur in iúl gur geal léi gur tháinig laghdú 52 % ar an méid páipéir a úsáideadh in aghaidh an duine in aghaidh an lae in 2020 i gcomparáid le 2019 agus gur laghdú 81 % a bhí ann i gcomparáid le 2015;

67. á chur in iúl gur geal léi na bearta nithiúla a chuir an Coiste i bhfeidhm chun úsáid modhanna taistil inbhuanaithe a chur chun cinn, amhail rothair seirbhíse, bonneagar do rothaithe agus córas dearbhán chun rochtain a fháil ar charrchlóis in imthosca eisceachtúla; ag tabhairt faoi deara go n-áirítear leis an mbeartas soghluaisteachta ranníocaíocht airgeadais do rothaithe agus do bhaill foirne a cheannaigh ticéid séasúir iompair phoiblí, agus na baill foirne a bhaineann tairbhe as an dá ranníocaíocht ag scaradh lena gceart na háiseanna páirceála a úsáid;

68. ag tabhairt dá haire gur gheall an Coiste 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDGanna) de chuid na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme agus a bheith i gcomhréir leis na spriocanna sin agus le straitéisí ábhartha an Aontais; á thabhairt chun suntais go bhfuil Faireachlann um Fhorbairt Inbhuanaithe ag an gCoiste a bhfuil sé mar aidhm léi an inbhuanaitheacht a chur chun cinn san Aontas;

69. ag tréaslú leis an gCoiste as Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagar Chiorclaigh a chomhbhainistiú in éineacht leis an gCoimisiún;

Cumarsáid agus ilteangachas

70. ag tabhairt dá haire, i mí Dheireadh Fómhair 2019, gur ghlac an Biúró lógó nua don Choiste a léiríonn lógónna institiúidí an Aontais; á chreidiúint go rannchuideoidh an t-athrú sin le hinfheictheacht agus comhtháthú íomhá institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais i measc saoránach;

71. á chur in iúl gur geal léi go raibh an Coiste in ann a straitéis cumarsáide a oiriúnú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, agus roinnt mórimeachtaí agus mórghníomhaíochtaí ar líne á n-eagrú aige chun a fhor-rochtain agus a theagmháil le geallsealbhóirí agus saoránaigh a éascú; á thabhairt chun suntais, in ionad Dhuais na Sochaí Sibhialta a bhronann sé, gur sheol an Coiste duais aonuaire ar a dtugtar "An tSochaí Shibhialta i gcoinne COVID-19" i mí Iúil 2020 chun luach saothair a thabhairt do thionscnaimh neamhbhrabúis a chuireann daoine aonair i gcrích, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do chuideachtaí príobháideacha a bhfuil sé mar aidhm acu dul i ngleic le géarchéim COVID-19 agus na hiarmhairtí a bhaineann léi;

72. Ag cur i bhfios go láidir go bhfuil an obair go léir a bhaineann le tuairimí agus tuarascálacha faisnéise an Choiste ar fáil i ngach teanga oifigiúil agus go bhfuil láithreán gréasáin an Choiste i gcomhréir le caighdeáin inrochtaineachta an Aontais do chomhlachtaí san earnáil phoiblí;

73. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht an Choiste sa Chomhdháil maidir le Todhchaí na hEorpa, rud a chabhraíonn leis an gcleachtadh daonlathach sin teagmháil a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta eagraithe ar bhealach níos fearr; ag moladh don Choiste, thairis sin, cabhrú lena chuid comhaltaí rannpháirt a ghlacadh in idirphlé áitiúil le saoránaigh agus an tsochaí shibhialta faoi chúrsaí na hEorpa;

Comhar idirinstitiúideach

74. á chur in iúl gur geal léi di an comhar déthaobhach atá ag méadú go leanúnach agus atá éifeachtach idir an Pharlaimint agus an Coiste; ag moladh don Pharlaimint agus don Choiste araon leanúint de na cruinnithe rialta idir a nUachtaráin agus a Leas-Uachtaráin agus feabhas a chur ar an gcomhar struchtúrtha idir na rapóirtéirí faoi seach agus na grúpaí polaitiúla agus na comhlachtaí ullmhúcháin ina n-eagraítear a gcuid comhaltaí; á chreidiúint gur cheart go mbeadh comhar polaitiúil an Choiste leis an bParlaimint, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún níos córasaí i bhfianaise ról an Choiste mar ionadaí na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta;

75. á chur in iúl go láidir gur athbhreithníodh na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse le ceithre roinn den Choimisiún (PMO, AS DIGIT, AS BUDGET agus DG HR) agus gur cuireadh seirbhísí breise leis;

76. á thabhairt chun suntais gur glacadh an chomhaontú nua um chomhar riaracháin idir an Coiste agus Coiste na Réigiún a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2021 lena dtreisítear rialachas an chomhair agus na sásraí rialaithe chun bainistiú éifeachtúil na seirbhísí comhpháirteacha a áirithiú; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go measann an Coiste go bhfuil an comhaontú nua níos nua-aimseartha agus níos simplí ná an sean-chomhaontú agus go bhfuil ról tábhachtach aige maidir le sineirgí breise a chruthú idir an Coiste agus Coiste na Réigiún;

77. ag athdhearbhú an tseasaimh a léiríodh sna moltaí maidir le hurscaoileadh roimhe seo i ndáil leis an ngá an comhaontú comhair a síníodh idir an Pharlaimint agus an Coiste agus Coiste na Réigiún a chur chun feidhme ina iomláine, ar comhaontú é as ar aistríodh 60 aistritheoir, lena n-áirítear 36 aistritheoir ón gCoiste, chuig an bParlaimint mar mhalairt ar rochtain ar sheirbhísí Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil foireann de dhíth ar an gCoiste i réimsí polaitiúla, rud a imríonn drochthionchar ar chomhlíonadh a shainordaithe;

Paindéim COVID-19

78. á chur in iúl gur eol di go raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíocht an Choiste, go háirithe ar an ábhar go dtéann a chomhaltaí go dtí áitreabh an Choiste chun díospóireacht a dhéanamh ar a chuid tuairimí agus rún; ag aithint na n-iarrachtaí comhchoiteanna lena n-áirithíodh tacaíocht leanúnach do ghníomhaíochtaí polaitiúla an Choiste;

79. ag tabhairt dá haire, chun leanúnachas gnó a áirithiú, go ndearna an Coiste gach beart coisctheach agus gach beart cosantach a cuireadh i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2020 a chomhordú i straitéis ilsrathach sláinte coiscthí, lena dtugtar tuairisc ar gach beart fisiciúil, oibríochtúil agus leighis a rinneadh, amhail teilea-oibriú leathnaithe, trealamh TF agus físchomhdhála, trealamh sláinte agus sábháilteachta ar an áitreabh agus dí-ábharú próiseas;

80. ag tabhairt dá haire gur measadh nach raibh an plean leanúnachais gnó atá i bhfeidhm oiriúnach don fheidhm mar gheall ar chineál sonrach phaindéim COVID-19 agus gur bhunaigh an Coiste, dá bhrí sin, tascfhórsa tiomnaithe faoi cheannas an stiúrthóra acmhainní daonna, ina raibh raon leathan teagmhálacha laistigh den Choiste agus le hinstitiúidí eile araon; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Coiste bearta leanúnachais gnó chun ullmhú ar an mbealach is fearr is féidir d'aon chur isteach a d'fhéadfadh tarlú amach anseo;

81. á chur in iúl gur mór aici an cur chuige a bhaineann le tús áite a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht ball foirne agus na foirne, agus gur chuir an eagraíocht í féin in oiriúint don staid a bhíonn ag síorathrú; ag tabhairt faoi deara go ndearnadh maolú ginearálta teilea-oibre maidir le bheith ag obair ón gcoigríoch a ghlacadh do bhaill foirne (i) atá sáinnithe ina dtír dhúchais de bharr srianta taistil, (ii) a bhfuil gaol cleithiúnach nó breoite acu thar lear, nó (iii) arna iarraidh sin dóibh faoi choinníollacha áirithe; á chreidiúint go raibh tionchar dearfach ag an gcinneadh lena n-údaraítear teilea-obair ón gcoigríoch ar strus síceolaíoch agus neamhláithreacht a laghdú;

82. á chur in iúl gur geal léi gur oibrigh an Coiste agus Coiste na Réigiún go dlúth le chéile agus go bhfuil siad ag déanamh amhlaidh go fóill maidir le bearta amhail rochtain ar fhoirgnimh, sláinteachas agus prótacail ghlantacháin a ailíniú; á chur i bhfáth go ndearnadh comhordú a éascú trí oifigigh leanúnachais gnó a bheith ann ar bhonn frithpháirteach i ngach foireann bainistíochta COVID-19;

83. á chur i bhfáth go ndearnadh príomhghníomhaíochtaí a shaothrú ar feadh phaindéim COVID-19, rud a chuir ar chumas an Choiste ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na gcomhpháirtithe sóisialta agus thar ceann eagraíochtaí na sochaí sibhialta i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais, agus tacaíocht á tabhairt d'institiúidí an Aontais agus iad ag déileáil leis an ngéarchéim a bhí idir lámha;

84. á chur in iúl gur geal léi an rún tairbhe a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na paindéime agus beartas nua teilea-oibre/uaireanta oibre a cheapadh agus ag tabhairt dá haire go bhfuil an t-idirphlé sóisialta maidir leis an tsaincheist sin ar siúl faoi láthair; ag moladh don Choiste an chiall a ceannaíodh ó ráig na paindéime ó thaobh leanúnachas gnó agus bainistiú géarchéime, freagrúlacht TF, athléimneacht an eagrúcháin, dualgas cúraim i leith na foirne, éifeachtacht na cumarsáide inmheánaí agus sholúbthacht na bpróiseas oibre de a chomhtháthú sa straitéis inmheánach bainistíochta.